Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**10752/22**

**AGRI 299**
**PESTICIDE 23**
**SEMENCES 14**
**AGRILEG 105**
**ENV 681**
**PHYTOSAN 26**
**CODEC 1037**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí<br>*- Cur i láthair ón gCoimisiún*<br>*- Malartú tuairimí* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, nóta ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite mar ullmhúchán don mhalartú tuairimí a bheidh ag an gcruinniú den Chomhairle (‘Talmhaíocht agus Iascach’) an 18 Iúil 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115**

**Nóta cúlra ón Uachtaránacht**

An 22 Meitheamh 2022, ghlac an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh Rialachán nua maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí. Is é is aidhm don togra, atá bunaithe ar thorthaí na meastóireachta ar Threoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí, teacht in ionad na reachtaíochta atá ann faoi láthair agus ailíniú níos fearr a dhéanamh le cuspóirí straitéisí suaitheanta ábhartha an Aontais faoin gComhaontú Glas don Eoraip (e.g. an Straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc' agus an Straitéis Bhithéagsúlachta), agus Straitéis Ceimiceán an Aontais.

Ós rud é go léiríonn roinnt iniúchtaí, misin aimsithe fíoras agus tuarascálacha cur chun feidhme ón gCoimisiún, ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa agus ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa laigí i gcur chun feidhme, i gcur i bhfeidhm agus i bhforfheidhmiú Threoir 2009, tá cinneadh déanta ag an gCoimisiún rialacha nua a mholadh i bhfoirm rialacháin chun beartais náisiúnta maidir le húsáid lotnaidicídí a chomhchuibhiú agus chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú.

Is é is aidhm don togra cur chuige comhréireach réadúil ach uaillmhianach a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na sochaí – ábhair imní atá ag dul i méid – maidir le húsáid agus riosca lotnaidicídí. Moltar ann go leanfaí de lotnaidicídí a úsáid, ach amháin nuair is gá agus nuair is iomchuí sin agus ar bhealach sábháilte, agus tacaíonn sé le húsáid teicnící malartacha neamhcheimiceacha chun lotnaidí a rialú agus bainistiú comhtháite lotnaidí a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr.

Ceann de phríomhchuspóirí an togra is ea úsáid agus riosca lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú, go háirithe na cinn is guaisí. Is é atá sa sprioc atá beartaithe, agus atá ceangailteach ó thaobh dlí de, laghdú 50 % ar leibhéal an Aontais, agus deis á tabhairt do na Ballstáit a spriocanna laghdaithe féin a roghnú laistigh de pharaiméadair foirmle ceangailtí lena gceadaítear bonn cirt a thaispeáint maidir le himeacht ó sprioc an Aontais de réir athruithe a bhfuiltear ag súil leo in imthosca náisiúnta agus an dul chun cinn stairiúil i dtaca le húsáid aonair lotnaidicídí ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart na paraiméadair sin a shocrú chun an staid reatha agus an dul chun cinn atá déanta sna Ballstáit a chur san áireamh, go háirithe sna Ballstáit sin ar lú úsáid lotnaidicídí, an riosca a bhaineann leo agus an méid díobh a úsáidtear.

Ag an am céanna, leis an togra, tugtar isteach toirmeasc ar úsáid na lotnaidicídí uile i limistéir íogaire amhail limistéir uirbeacha nó láithreáin Natura 2000. Ina theannta sin, soiléirítear leis an togra ceanglais an bhainistithe chomhtháite lotnaidí chun a chur chun feidhme a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin ar fheirmeoirí a laghdú. Gné thábhachtach i dtaca leis sin is ea an cuspóir atá ann maidir le húsáid táirgí ísealriosca agus roghanna malartacha ar lotnaidicídí ceimiceacha a mhéadú, agus an méid sin a chur chun cinn.

Beidh ar na Ballstáit rialacha barrshonracha a chur i bhfeidhm freisin chun prionsabail an bhainistithe chomhtháite lotnaidí a chur chun feidhme. Beidh ar fheirmeoirí agus úsáideoirí gairmiúla lotnaidicídí faisnéis a fháil ó chomhairleoirí neamhspleácha maidir le modhanna malartacha a úsáid. Is faoi na Ballstáit a bheadh sé córas comhairleach neamhspleách den sórt sin a bhunú.

Leagtar síos sa togra freisin rialacha maidir le húsáid forálacha sonraí staidrimh i ndáil le forchur, úsáid agus riosca lotnaidicídí, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar thionchair sláinte agus comhshaoil. Forbrófar táscairí nua bunaithe ar na sonraí nua sin agus toradh na gcomhairliúchán eolaíoch agus na gcomhairliúchán le geallsealbhóirí á gcur san áireamh. Cuireann an togra úsáid teicneolaíochtaí nua chun cinn freisin (e.g. feirmeoireacht bheacht), lena n-áirítear cianbhraiteacht.

Chun cur chun feidhme cuí an Rialacháin a áirithiú, beidh na Ballstáit in ann cistiú CBT a úsáid ar feadh tréimhse 5 bliana chun aon chostais a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin ag feirmeoirí a chúiteamh.

Sular foilsíodh an togra, thug roinnt mhaith toscaireachtaí aghaidh go gníomhach ar an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh le hiarrataí agus ceisteanna sonracha maidir lena ábhar. Mar obair leantach ar na ceisteanna sin, measann an Uachtaránacht go mbeidh sé úsáideach tús a chur le plé ag an gComhairle chun díriú ar phríomhchodanna an togra. I ndáil leis an méid sin, cuireann an Uachtaránacht an cheist seo a leanas chun tosaigh lena plé:

***An cheist atá le plé:***

***Cad é do mheasúnú ar an togra agus cad iad na gnéithe is tábhachtaí de, dar leatsa?***